



Gaelscoil Thaobh na Coille

Siúlóid Sléibhe : R6B Ceann Bhré



Chuaigh daltaí Rang 6B ar thuras siúlóide go Ceann Bhré ar an Aoine seo chaite. D'fhág an bus an scoil ag a 9:30 r.n. agus thug an bus an rang chomh fada le túis an rian siúlóide. Laistigh de 5 nóiméad tháinig na páistí ar luascán crainn agus bhí seans ag gach duine luascadh ar dá mba mhian leo. Chonaic siad páirc lán de chapaill agus bláthanna agus plandaí áille. Bhí an dá thaobh den chosán clúdaithe le haiteann agus bhí boladh fior-mhilis ag teacht uaidh. Taréis leath huair a chloig nó mar sin shuí na páistí síos ag crios Bhré chun lón beag a ithe. Baineadh geit mhór as na páistí nuair a bhí orthu siúl tríd tréad mór bó! Shiúl siad suas go dtí an pointe is airde agus bhí na radharcanna do-chreidte. Bhí radharc acu ar an mbealach ar fad ó Cheann Chill Mhantáin go Binn Éadair agus sall go Sliabh Rua agus sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Cill Mhantáin taobh thiar dóibh. Bhí na páistí tuirseach traocharta tnáite tar éis na siúlóide ach bhaineadar an-taithneamh go deo as an lá.

The pupils of Rang 6B went on a hike up Bray Head on Friday last. The bus departed the school at 9.30 a.m. and took them to the starting point of the walking trail. Within the first 5 minutes the children came across a rope swing and everyone had a chance. They saw a field full of horses and lots of beautiful flowers and plants. Either side of the footpath was covered in a thick layer of gorse . It was in full bloom and emitted a really sweet smell. The children ate their lunch at the foot of the cross that stands at the top of Bray Head. The children were surprised to find themselves walking through a herd of cattle! They climbed to the highest point of Bray Head where the views were amazing. You could see all the way from Wicklow Head to Howth and back across to Three Rock and the Dublin & Wicklow Mountains beyond. The children were exhausted after a very long but exciting and enjoyable day.

Scríofa ag : Keelin Ni Dhuibhir, Tom Ó Scannail & Maja Nic Eiteagáin



Éide Scoile : School Uniform

Siopa Nua Feabhsaithe: Tá Schoolwear House ag athlóinú a stór miondíola ó Bhaile Uí Ógáin go Baile an Mhóta (Ballymount). Cialláinn sé seo go mbeidh éide scoile Ghaelscoil Thaobh na Coille ar fáil ón stór i mBaile an Mhóta nuair a ardaítear na srianta reatha agus nuair a athoscláitear siopáí neamhriachtanach agus uaidh sin ar aghaidh.

Is féidir an t-éide scoile a ordú ar líne faoi láthair agus leanfaidh an seirbhís seo ar aghaidh mar is gnáth nuair a ardaítear na srianta. Más mian leat an t-éide scoile a fhiceáil chun an tomhais a mheas / é a thriail ar do pháiste agus / nó éide scoile a cheannach go pearsanta is féidir é sin a dhéanamh sa stór nua i mBaile an Mhóta (Ballymount).

New Improved Store: Schoolwear House are relocating their retail store from Ballyogan to Ballymount. This means that whenever the current restrictions are lifted and non-essential retail is reopened Gaelscoil Thaobh na Coille's school uniform will be available from the Ballymount store.

Online ordering is available and will continue post restrictions as before. Should you wish to see uniform to gauge sizes / try on and/or purchase uniform in person you can do so in the new Ballymount Store.



Turais Ranga Class Tours

Tá sé i gceist againn turais ranga a eagrú do na ranganna ar fad an téarma seo. Gan dabht tá srian ar na turais gur féidir linn a dhéanamh i ngeall ar shrianta agus ar rialacha Covid-19 ach ceapaimd go mbeidh sé go maith do na páistí an deis a fháil lá spraíúil a bheith acu lena gcomhscoláirí lasmuigh den seomra ranga.

Imeachtaí amuigh faoin aer a bheidh i gceist agus déanfar cinnte go mbeidh protácaill Covid-19 i bhfeidhm i ngach cás. Beidh costas beagánín níos airde ná mar is gnáth ar cuid de na turais mar go mbeidh bus aonair le fáil do gach rang. Seasfaidh an scoil cuid de chostas an bhus ionas gur féidir an costas a choiméad chomh híseal is gur féidir.

We are planning class tours for all classes this term. The trips we can make are of course restricted due to Covid-19 rules and restrictions but we believe it will be good for the children to enjoy a fun day out with their classmates outside the classroom. They have coped so well with the events of the last year that they deserve a special day out.

The planned tours will be outdoor events and Covid-19 protocols will be ensured in all cases. The cost of the tours may be slightly higher than usual this year as we will have to hire a separate bus for each class. The school will subsidise the cost of the bus in order that the cost can be kept as low as possible.

N1 A/N1B/N1C Feirm GhleannRua

Aoine 18 Meitheamh

N2A/N2B Feirm GhleannRua

Aoine 18 Meitheamh

R1A Gáirdín na nAinmhithe (Zoo)

Máirt 11 Bealtaine

R1B Gáirdín na nAinmhithe (Zoo)

Céadaoin 12 Bealtaine

R2A/R2B Squirrel Scramble

Céadaoin 26 Bealtaine

R3A/R3B Siúlód Éachtraíochta Sléibhe

Dáta le socrú

R4A/R4B Siúlód Éachtraíochta Sléibhe

Dáta le socrú

R5A/R5B Zipit

Céadaoin/Déardaoin 9/10 Meitheamh

R6A/R6B Zipit

R6A Luan 28 Meitheamh

Dr Colman Noctor DÁTA don DIALANN



Dr Colman Noctor

Caint do Thuismitheoirí : Parent's Talk

Páiste go Déagóir
Child to Teenager
Parenting my Child
from Childhood
into Adolescence

De bhrí gur éirí thar barr leis an gcaint do thuismitheoirí a eagraíodh níos luaithe sa bliaín faoi Athléimneach i bpáistí bheartaíomar cuireadh a thabhairt do Dr Colman Noctor caint eile a thabhairt dúinn, an uair seo ag díriú ar conas tuismitheoireacht a dhéanamh ar pháistí agus iad ag tabhairt aghaidh ar na déaga deacra. Creidimíd go mbeidh sé seo ina ábhar spéise do go leor tuismitheoirí ach go speisialta iad siúd a bhfuil páistí acu sna ranganna sinsearacha.

After the extremely successful Parents' Talk on Resilience that was held earlier in the year we decided to invite Dr Colman Noctor back to give another talk, this time focusing on how to parent our children from childhood into and through the tricky teenage years. We think this topic will be of great interest to all parents but in particular to those parents whose children are in the senior classes.



Caint do Thuismitheoirí – Parents' Talk

Céadaoin 12/05/2021 Wednesday

8.00pm ar Zoom

Bailiúchán Éadaí Caite Old Clothes Collection



Tá an Coiste na dTuistí ag eagrú bailiúchán scoile do éadaí caite gur féidir a athchúrsáil. Beidh sé ar siúl ón 1 go 3 Meitheamh. Tuile eolais le teacht

Coiste na dTuistí are arranging a recycling clothes collection as a fundraiser for the school between the 1st and the 3rd of June. More details to come

Naónáin Shóisearacha 2021/2022



Beidh cruinniú ar siúl ar an Luan an **17 Bealtaine ag a 8.00pm** ar Zoom do thuistí na bpáistí a bheidh ag tosú 'sna naónáin shóisearacha i Meán Fómhair 2021.

Déanfar cur síos ar churaclam na naónáin agus ar an scoil go ginearálta agus freagrófar cuid de na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag tuistí faoin scoil. Cuirfear tuistí ar an eolas sibh freisin maidir leis na rudaí praiticiúla gur gá a bheith ar eolas acu faoin scoil roimh an 'Lá Mór' i mí Meán Fómhair.

*A meeting will be held on **Monday the 17th of May at 8.00pm on Zoom** for the parents of children starting junior infants in September 2021. A brief overview will be given of the junior infant curriculum and the school in general and we will answer any queries parents have about preparing their child for school. Parents will also be informed of all the practical things they need to be aware of prior to the 'big day' in September.*



Spórt & Spraoi Amuigh faoin Aer
Cillian Ó Catháin R6.4

Éide Scoile Samhraidh Summer Uniform



Ón 01 Bealtaine ar aghaidh tá cead ag na daltaí brístí gearra dubhghorm spóirt a chaitheamh ar scoil nuair a bhíonn an aimsir the ann. Caithtear an bríste gearr leis an léine polo bán & leis an ngeansaí spóirt.

From the 1st of May onwards the pupils may wear navy sports shorts to school when we have fine, warm weather. The shorts are worn with the white polo shirt and sports top.

Nuachtlitir

Leathanach 4

Ceiliúradh na Sacraimintí : Celebration of the Sacraments

Níl aon nuashonrú ann fós maidir le dátaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun na Sacraimintí a cheiliúradh - Cóineartú R6 agus an Chéad Chomaoineach Naofa R3 & R2. Tá curtha in iúl ag an tAthair John Canon Delany, Mórdhnóir do phríomhoidí an pharóiste, áfach, go bhfreastalóidh sé féin agus an Paróiste ar phobail na scoile ó thaobh na Sacraimintí a cheiliúradh a luaithe a gheobhaidh sé tuilleadh faisnéise agus treoirlínte ón Deoise.

There is still no update regarding possible dates for the celebration of the Sacraments - R6 Confirmation and R3 & R2 First Holy Communion. Rev John Canon Delany, Moderator contacted the principals of the parish and has assured us that as soon as he receives further information and guidelines from the Diocese he, and the Parish, will look after the needs of the school communities as best as it can in preparing for and celebrating the Sacraments.



I bhfianaise srianta ama tá an seans ann go bhféadfaí roinnt ceiliúradh a dhéanfaí 'sna seachtainí amach romhainn a chur siar go dtí an fhómhar. Shamhlóinn go dtabharfar tosaíocht do na páistí i rang a 6 atá le dul faoi lamh an Easpaig mar go mbeidh siad ag críochnú sa bhunscoil i mí an Mheithimh maraon leis na páistí i rang 3 gur cuireadh a gCéad Chomaoineach ar athló ón am seo anuraidh. Beimíd i dteagmháil libh a thúsce is a fhaighimídearbhú ar bith.

Given time constraints it is likely that some celebrations which would otherwise take place over coming weeks might be postponed until the autumn at least. I'd imagine that priority will be given to the children in 6th class who are due to be confirmed as they will be finishing up in primary school in June and the children in 3rd class whose First Communion was postponed from this time last year. We will let you know as soon as we hear anything more concrete.



Seó Tallainne 2021 : Talent Show 2021

Tugaimd cuireadh do dhaltaí R3 go R6 páirt a ghlacadh i Seó Tallainne bliantiúil na scoile. Seó Tallainne fiorúil a bheidh again arís i mbliana agus iarrtar ar na daltaí pé mír atá á dhéanamh acu a thaifead agus an físeán a chur ar fáil dúinn. Déanfar eagarthóireacht ar na fiseáin agus cuirfear le cheile iad mar thaifead iomlán a thaispeánfar ar scoil agus a roinnfear é freisin (via Google Classroom) le tuismitheoirí na scoile le gur féidir leo féachaint air sa bhaile chomh maith.

Déanann sé an-mhaiteas do na páistí páirt a ghlacadh sa Seó Tallainne agus cuirtear ionadh an domhain orainn bliain i ndiaidh bliana leis an gcaighdeán tallainne agus an féinmhuijnín a leiríonn na páistí a ghlacann páirt sa Seó. Ba chóir taifeadtaí físe (is féidir iad a thaifead ar an bhfón) a sheoladh chuig emer@taobhnacoille.org roimh an **Aoine 4 Meitheamh**.

All pupils from R3 to R6 are invited and strongly encouraged to participate in the school's annual Talent Show. The talent show will be a virtual one again this year and the pupils are asked to submit a video recording of their act – it can be a solo or a group act. The videos will then be compiled and edited into a full length video which will be shown in school and also shared (via Google classroom) so that parents can also enjoy it.

The talent show is a great for the children and we are blown away every year by the talent and confidence displayed by the children who participate in show. Video recordings (can be done on the phone) should be sent to emer@taobhnacoille.com before Friday 4th June

